

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T69
Ainm an Agalláí	Proinsias (Francie) Ó Dubhgáin
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	3/10/2006
Suíomh an Agallaimh	Doire Leac Chonaill
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

\ _____ '

\ _____ +'

....

[]

Tosach lochtach**Focal dothuigthe****Níos mó ná focal amháin dothuigthe****Beirt ag caint ag an am amháin****Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

FRANCIE: I dtrátha an ama a tógadh an droichead nó b'fhéidir roimhe sin, b'fhéidir, b'fhéidir dhá, dhá scór bliain roimhe sin ba leis na Tiarnaí Talún an droichead, an abhainn. *But* thart fan bhliain 1900, bhí triúr, beirt fhear thoir ansin ar an droichead, Máistir Ceallaigh agus Pádraig Ó Domhnaill, bhí sé ina *chupadóir?* agus bhí siad ag cur '\ _____ ' ar Scanláin, bhí sé thiar in Leitir agus fuair an tríur acu le chéile agus throid siad leis na, leis na Tiarnaí Talún, thug siad cás dlí ina n-éadan. Ach sílim féin nach raibh, nach raibh an Tiarna, ní raibh sé, ní raibh an dhrochrath air fá choinne an abhainn, bhfuil a fhios agat. Ni raibh sé ag fáil airgead ar bith air, ní raibh sé ach ag fáil fiche punta achan bhliain air agus b'éigean do leath an fiche punta a thabhairt do, do dhuine inteacht eile *but* bhain na, bhain na tionontaí, bhain siad an cás ar scor ar bith. Sin in 1906 tá mé ag déanamh, thart fan am sin.

DÓNALL: Agus an Tiarna *Connaghan* a bhí ann an bé? Conn....?

FRANCIE: *No, sílim gur Cunningham a bhí air.*

DÓNALL: *Cunningham. Sea.*

FRANCIE: *Cunningham.*

DÓNALL: Sin an t-ainm.

FRANCIE: Sea.

DÓNALL: *Cunningham.*

FRANCIE: Árú, bhfuil a fhios agat, ní raibh, ní raibh an dhrochrath air fá choinne an abhainn.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Sin, nuair a, nuair a, nuair a léigh mise an leabhair, sé an bharúil a chur mise sa leabhair ná go raibh sé ag bráth fáil réitigh den abhainn. Ní raibh sé ag déanamh.

DÓNALL: Ní raibh sé ag déanamh a dhath air.

FRANCIE: Ní raibh sé ag déanamh a dhath air *do you see?*

DÓNALL: *No.*

FRANCIE: Agus ansin bhí éanlaith ar an chnoc thart anseo agus fear maith a bhí ann an bhfuil a fhios agat ar dhóigh amháin, sa gheimhreadh bhí na fir ag obair aige, ag amharc i ndiaidh an iasc agus ag amharc i ndiaidh an sceith agus bhí na fir amuigh ar an chnoc aige ag déanamh foscadh fá choinne an éanlaith sa dóigh go mbeadh siad ag déanamh neadracha agus ag tógáil, go mbeadh *éanlacha*, bhfuil a fhios agat, *éillíneacha* beaga a thiocthadh san Earrach. Agus ansin nuair a bhain siad an abhainn ansin, sílim féin nach, ní raibh siad ag iom..., ní raibh siad ag iompar, ag iompar an dóigh un tosaigh cosúil le mar a bhí an Tiarna Talún ar chor ar bith. Sa deireadh bhí air, an lá atá inniu ann, níl bradáin ar bith ar an abhainn. Tá, tá traidhfil bradáin uirthi ach níl sé dada cosúil le mar a bhí sé tá fad ó shin. Níl.

DÓNALL: Rinne tú féin tréan iascaireachta ar na, ar na bradáin?

FRANCIE: Rinne, bhí mé ag iascaireacht ansin b'fhéidir le fiche bliain agus bhí tréan éisc ann san am sin.

DÓNALL: Sea. An raibh bád agat?

FRANCIE: *Eh?*

DÓNALL: An raibh bád beag agat féin?

FRANCIE: Bhí bád agat féin cinnte.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Bhí beirt eile fhear ag ob., i mo chuideachta-sa. Ní raibh mise ach iontach óg san am agus bhí an bheirt eile, bhí siad níos, níos sine ná mise *but* bhí muid breá sásta leis. Dhéanfa oiread sa tséasúr san am sin, dhéanfa macasamhail ceithre scór ná ceithre scór go leith punta ó bhí an tAibreán ann go dtí, go dtí deireadh mí Iúil.

DÓNALL: Bhí sin ina chrág mhaith airgid san am.

FRANCIE: Ó bhí, ó bhí, ó bhí leoga. Agus ansin, lena chois sin gheofa oiread faille idir ag iascaireacht, thiocfadh leat, gheofa faille do chuid móna féin a shábháil agus do chuid préataí féin a shábháil agus bhí cúpla, bhí dhá bhó againn agus bhí an bainne s'againn féin agus deireadh. Bhí muid sásta go leor do an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí sibh.

FRANCIE: *But*, sa deireadh a bhí air, i dtús na seascaidí thosaigh an t-iasc a mheath agus stad mise ag iascaireacht ansin.

DÓNALL: Níorbh fhiú duit é. Char bhfiú duit a bheith amuigh.

FRANCIE: Ní, níorbh fhiú duit.

DÓNALL: *No.*

FRANCIE: Níorbh fhiú duit.

DÓNALL: Bhuel inis domh stair, stair Naomh Conaill, bhí sé agat ansin inné fan áit arbh as é.

FRANCIE: Ó sea. Rugadh amuigh in Inis Caoil é, taobh amuigh den, den Árainn agus ansin ní raibh sé féin agus an t-athair ag tarraingt rómhaith le chéile an bhfuil a fhios agat ach d'éirigh trioblóid idir an bheirt acu lá amháin agus thosaigh achrann ar scor ar bith ach insíodh dúinne, cibé tá seo ceart nó contráilte, gur mharaigh Conall an t-athair agus bhí a fhios aige ansin go raibh caill mhillteanach déanta aige agus labhair glór leis "léim amach san fharraige" a deir sé "agus snámh" cibé fhad agus nuair a thug Conall iarraidh a theacht ar ais ar tír mór bhí beithíoch millteanach idir é féin agus tír mór agus ní raibh dada ag Conall le déanamh ach buaileadh amach na farraige agus bhí an beithíoch ina dhiaidh agus deir siad gur dtáinig Conall aníos i nGaoth Beara agus gur shnámh sé fhad leis an áit a bhfuil an Turas Chonaill thíos ansin agus gur chaith sé lá agus bliain ina chodladh ansin. Agus nuair a mhuscail sé bhí nead na spideoige ar bhos a láimhe aige. Bhuel tá sin fíor ar scor ar bith. Agus deir siad, bhuel lean an beithíoch é, beithíoch allta a bhí ann, lean sé é go dtí gur chaill se an t-uisce. *So* b'éigean do pilleadh ansin amach ar an doimhneacht. Is cosúil gur beithíoch uisce a bhí ann, ní beithíoch talaimh a bhí ann, beithíoch uisce.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Nuair, lean sé é go dtí gur chaill sé an t-uisce *so* b'éigean do pilleadh ansin. Tá mórán, tá mórán inse air ach sin an inse, sin an scéal a chuala muidinne fá dtaobh de ar scor ar bith.

DÓNALL: Sea.

FRANCIE: Uaidh ár gcuid athracha agus.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

FRANCIE: An mhuintir a tháinig romhainn.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Na aoiseanna a tháinig romhainn.

DÓNALL: Ach tá leigheas ins an tobar ansin.

FRANCIE: Ó tá leigheas san tobar cinnte.

DÓNALL: Tá scéalta go leor fá sin a Francie?

FRANCIE: Bhuel, níl mórán agam ach tá a fhios agam féin, nuair a bhí mé féin i mo ghasúr bheag, ní raibh me ró-aosta uilig, bhí mé an-tinn agus bhí an dochtúir agam an tráthnóna seo agus dúirt sé le mo mháthair, "má bhíonn sé beo ar maidin" a dúirt sé, "tá, tiocfaidh sé aige féin" agus bhí *aunt* domh ina cónaí sa teach sin thuas agus chuaigh sí síos le glanadh an lae maidin Earraigh agus rinne sí an turas agus bhí mo mháthair ina suí go maidin liomsa agus an t-am a bhí *m'aunt* ag déanamh an turais, d'aithin mo mháthair go raibh aghaidh bisigh ag teacht ormsa agus nuair a tháinig an dochtúir ar ais tráthnó., ná an lá sin, lá tharna mhárach ní thiocfadh leis fáil thairis, an biseach a tháinig ormsa agus ón lá sin, níor amharc mise i mo dhiaidh ní ba mhó ina dhiaidh sin. Ó tá *cover* leigheasanna ann.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Idir eallach agus achan rud eile.

DÓNALL: Sea.

FRANCIE: *Aye.*

DÓNALL: Bhí, bhí tú ag caint fá leigheas faoi cheann eallaigh rinne sibh.

FRANCIE: Bhí ceann eallaigh againne ansin agus á, bhí an-trioblóid aici, bhí sí, bhí sí, bhí sí ag breith gamhain, bhí an-trioblóid aici agus ní raibh an gamhain mar a ba chóir do a bheith, an bhfuil a fhios agat? Ní raibh, bhí na cosa deiridh díreach aige, ní raibh, ní raibh a fhios caidé a bhí air. Ach bhí sí in an, an-tinn, agus ó, bhí muid ag déanamh go bhfaigheadh sí bás ach chuaigh *m'áunt* síos ar ais agus rinne sí an turas. Ní raibh a fhios againn é agus bhí fear thoir ar an Dúchorraidh, tháinig sé anoir go bhfeicfeadh sé an bhó, fear a raibh Conall *Mc Elhinney* air agus chuaigh sé soir na bhóithigh ar an chéad uair agus tháinig sé isteach againn ansin agus dúirt sé, dúirt sé le mo mhathair "A *Mhary*" a dúirt sé "níl mórán cearr le do bhó inniu" a dúirt sé, "tá sí ina seasamh istigh ag athchognú" a deir sé. Agus in san am sin bhí an *áunt* ag déanamh an turas don bhó. Ó, tá sin fíor.

DÓNALL: Ó tá, creidim é.

FRANCIE: Tá sin fíor. Tá.

DÓNALL: Agus caidé a bheadh in sa turas, caidé go díreach a bheadh le déanamh?

FRANCIE: Bhuel is cosúil go bhfuil go, gur an rud a tá ann, de thairbhe gur chodlaidh Naomh Conaill ann bliain agus, lá agus bliain, sin an rud a, sin an míniú a fuair muidinne air nuair a bhí muidinne óg.

DÓNALL: Sea, sea.

DÓNALL: Bhí scéal speisialta agat inné fosta a Francie fá, fá shagart a tháinig isteach i dteach.

FRANCIE: Ó, sea.

DÓNALL: Inis an scéal sin domh mar an bulaí fir ann.

FRANCIE: Ó sea. Tá an teach sin thoir ansin, tá sé ina chónaí thuas i gcúl an áit a bhfuil Seán, Seán Mac Aoidh ina chónaí. Ach, bhuel, ta cuid de ina sheasamh go fóill agus ní thig liomsa a rá cé acu fear nó bean a bhí i mbaol báis ach cuireadh fá choinne an tsagairt ar scor ar bith. Bhí an sagart thiar i Leitir san am agus ní raibh dóigh ar bith le fáil siar go Leitir ach ag siúl. Agus, d'ímigh an fear seo ag siúl agus nuair a bhí sé ar shiúl tamall maith, buaileadh, buaileadh ar an doras agus fosclaíodh an doras agus shiúl an sagart seo isteach agus d'fhiafraigh sé cá háit a raibh an bhean a bhí ag géilleadh ná an fear a bhí ag géilleadh. Tugadh go dtí an seomra é agus chuir sé an ola ar an t-é a bhí ag ghabháil a fháil bháis. Agus shiúl sé amach ar an doras ar ais nuair a bhí a chuid oibre déanta aige agus bhí a fhios acu ná'n sagart s'acu fein a bhí ann. Ach chuaigh siad amach go bhfeicfeadh siad cén bealach a rachadh sé nuair a bheadh sé ag imeacht. Ní raibh, ní raibh an sagart le feiceáil ar chóir ar bith. Maith nó olc. An deireadh a bhí le feiceáil acu, bhí slat iascaireachta ina luí suas leis an teach. *But* tháinig an sagart s'acu, s'acu, s'acu féin ansin. Chuaigh sé go dtí an seomra agus dúirt sé nuair a fuair sé a fhad leis an tseomra "ó" a dúirt sé "bhí sagart níos fearr ná mise anseo" a dúirt sé. "Tá an bhean" a dúirt sé, "tá sí sábháilte go leor" a dúirt sé.

DÓNALL: Bhisigh sí.

FRANCIE: *No*, sílim go bhfuair sí bás.

DÓNALL: An bhfuair?

FRANCIE: Sílim, ní thig, ní thig liom a rá anois. Sílim go bhfuair sí bás. *But* bhí siad ag déanamh go, go, gur cuireadh an sagart as na Flaitheas ag an bhean.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Ó, ta an teach sin ansin go fóill.

DÓNALL: Sin scéal maith.

FRANCIE: *Aye.* Agus bhí, bhí, sa teach a bhfuil, bhfuil, a bhfuil Seán ann anois, á sin tamall maith in gcúil, bhí bean ansin a raibh Máire Rua uirthi. Agus ba ghnách léi siúl achan bhliain aicearra na gcnoc go Loch Dearg.

DÓNALL: Dia ár sábháil.

FRANCIE: Rachadh sí trasna na fairsinge thíos ansin agus suas thall an cnoc sin thall agus ní cuireadh sí cos ar an bhealach mhór go dtí go sroicheadh sí Loch Dearg. Agus shiúladh sí ar ais. Tá mise ag déanamh go bhfuil sí sin, ní thig liom a rá anois caidé a d'éirigh dithi. Sílim gur, go, iarr..., bhuel bhí, bhí *Fr. Eddie* muinteartha ag Seán, an bhfuil a fhios agat, ach tá an muintearthas i bhfad amach.

DÓNALL: Bhí creideamh iontach ag na daoine, bhí creideamh maith ag na daoine san am.

FRANCIE: Ó, bhí an-chreideamh acu.

DÓNALL: Bhí.

FRANCIE: Ó, bhí an-chreideamh acu, bhí an-chreideamh acu cinnte. Bhí.

DÓNALL: Bhí muid ag caint ar, ar na, ar na corracha géar anseo. Bhí scéal eile agat fosta ansin fá *icebox*.

FRANCIE: Ó sea.

DÓNALL: Inis domh fan *icebox*.

FRANCIE: Teach an tSiocáin.

DÓNALL: Sea.

FRANCIE: Ag an Tiarna, sé an Tiarna Talún a thóg an Teach an tSiocáin agus sé an rud, mar a dúirt mé roimhe bhí, bhí oiread mór bradáin ar an abhainn san am agus bhí eagla ar an Tiarna go rachadh barraíocht bradáin soir go Loch Beara agus go mbeadh barraíocht ag ghabháil amach ar na leapacha agus nach mill., go millfeadh siad, go millfeadh ceann amháin acu an leaba ar an cheann eile agus bhí ait thoir ansin a raibh An Chorr air agus dhéanfadh, dhéanfadh an t-iasc, dhéanfadh siad scríste ansin. Bhí, bhí, bhí eas ann agus chaithfeadh siad léimní suas thar an eas agus tá mé ag déanamh go raibh sé doiligh acu fáil thar an eas. *But* rachadh seisean soir agus bhí fir leis agus bhí eangacha leofa agus *iascaireodh* (iascfadh) siad an Corraigh, tharraingeodh siad *dúlachánaí* as an Chorraigh agus an t-iasc a gheobhadh siad ann, bhéarfadh seisean anoir iad agus chuireadh sé isteach in Teach an tSiocáin iad agus bhí sioc acu, níl a fhios agam c'áit a gheobhadh siad sioc, thógadh siad an sioc ón abhainn sílim, sin aimsir siocáin, bhí sé istigh ansin acu, bhuel sin an dóigh a insíodh dúinne ar scor ar bith é agus ní bheadh siad ansin ach b'fhéidir lá nó beirt go dtí go gcuirtí suas go Baile na Finne iad agus chuirte ar an traen ansin iad, beithigh agus cairt a bheirtí suas iad agus rachaidh, chuirte go Baile Átha Cliath iad, anonn go Sasain, Londain, achan áit agus ba ghnách leis an Tiarna sin a dhéanamh ar eagla go rachadh barraíocht agus eisean a thóg Teach an tSiocáin ansin.

DÓNALL: Anois.

FRANCIE: *Aye.*

DÓNALL: Sin píosa staire.

FRANCIE: Ó bhí, ó bhí, ó bhí. Ó fear, sílim, sílimse anois, de réir mar a mhothaigh mise an tsean mhuintir, níor mhothaigh mé aon duine ariamh acu ag caint olc air.

DÓNALL: *No.*

FRANCIE: *No, ní raibh.*

DÓNALL: Bhí sé ina dhuine maith go leor.

FRANCIE: Bhí sé maith go leor.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Bhí sé maith go leor. Sílim féin nár chaith sé mórán ama ar na Dúchorraidh ariamh. Ba ghnách leis a bheith suas fá Chontae na Mí agus suas ansin. Á, bhéarfadh sé corr ruaig thart anseo.

DÓNALL: *Mmm.*

FRANCIE: Bhí daoine anseo ag obair aige, bhí báirseoirí aige agus.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

FRANCIE: Bhí, bhí, bhí.

DÓNALL: Bhí siad ag déanamh an obair do.

FRANCIE: Bhí siad ag déanamh an obair do.

DÓNALL: Sea.

FRANCIE: Bhí.

DÓNALL: Sea.

FRANCIE: Bhí.